

7. EAGRAÍOCHTAÍ POBAIL & CLUBANNA

TÁ AN BHEART SEO RÍTHÁBHACHTACH**

Beart 7.1	Polasaí Teanga ag gach coiste, eagraíocht pobail, club
Réimsí:	F, J
Critéir pleanála teanga:	10, 11, 15
Aidhm:	Tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí pobail, coistí, clubanna agus eagraíochtaí iarrachtaí a dhéanamh a chinntiú go mbeadh príomh-áit ag an nGaeilge agus chun Polasaithe Teanga a fhorbairt.
Eolas breise:	<p>Is fiú ceardlann a reáchtáil do na coistí i dtaobh:</p> <ul style="list-style-type: none"> • An ról agus an tábhacht atá leis an nGaeilge sna coistí, cumainn, clubanna. • Conas polasaí teanga a scríobh. • Slite chun áit na Gaeilge a threisiú ag na cruinnithe. • Modhanna chun áit na Gaeilge a fhorbairt agus a neartú sna féilte & imeachtaí pobail ar fad. • Tacaíocht a thabhairt chun níos mó gníomhaíochtaí a reáchtáil trí Ghaeilge. • Tacaíocht a thabhairt chun bolscaireacht a dhéanamh dhátheangach agus trí Ghaeilge. • Go mbeadh an Plean Teanga mar chuid den 'Chlár Oibre' ag cruinnithe gach coiste. • Dóibh siúd le polasaí teanga acu is fiú cúrsa '<i>refresher</i>' a dhéanamh maidir le conas a bpolasaí a fhorbairt níos mó. • Má tá coistí chun Oifigeach Gaeilge a ainmniú beidh ar na coistí sin a chinntiú go dtabharfaidh siad tacaíocht don Oifigeach Gaeilge agus go mbeadh comhpháirtíocht i gceist. • Nasc láidir idir na grúpaí seo agus an grúpa aistritheoirí deonacha (beart 9.1). Teimpléid a chur le chéile a bheadh ar fáil ar shuíomh idirlín lárnach (Beart 1.6). • Na heagraíochtaí a choimeád ar an eolas maidir le foinsí maoinithe. • Gradam don Eagraíocht/Coiste/Cumann a dhéanann an dul chun cinn/iarracht is fearr.

Príomhúinéir an bhirt:	CFM, FPTM, CPTM	
Páirtithe leasmhara:	Na hEagraíochtaí Pobail, Gael Linn, Muintir na háite	
Saolré:	Socruithe agus ullmhúchán:	Bliain 1-2 – Buailfidh na coistí ar fad le CFM chun ceist na Gaeilge a phlé. Chun polasaí teanga a scríobh.
	Feidhmiú:	Bliain 3-7 – Na polasaithe teanga a fhorbairt agus na ceardlanna a reáchtáil ar bhonn bliantúil.
Costas measta iomlán:	Beidh an tasc seo le baint amach ag an gceanneagraíocht (CFM) & Foras na Gaeilge.	
Costas measta in aghaidh na bliana:	Beidh an tasc seo le baint amach ag an gceanneagraíocht (CFM) & Foras na Gaeilge.	
Foinsí maoinithe:	CFM & Foras na Gaeilge.	
Dúshlán fhéideartha:	Oifigigh Ghaeilge a ainmniú – daoine leis an muinín.	
Réiteach:	A chinntiú go bhfuil tacaíocht ann ó na baill eile atá ar an gcoiste.	
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Ceardlanna a reáchtáil gach bliain chun aiseolas a fháil ó na hOifigigh Ghaeilge.	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	<p>Bliain 1 – Cad é líon na ngrúpaí le polasaí teanga?</p> <p>Bliain 2-7 - Teagmháil rialta leis na grúpaí.</p> <p>A chinntiú go mbeidh nasc láidir ann idir na heagraíochtaí pobail agus CFM, agus má thagann eagraíocht nua le chéile go mbeadh pacáiste eolais ar fáil dóibh maidir leis an tacaíocht atá ar fáil.</p> <p>Feiceálacht sna fógraí áitiúla. .</p>	

Beart 7.2		Cleachtas teanga - Na hIonaid Lae				
Réimsí:		B, K				
Critéir pleanála teanga:		3, 10, 11, 13				
Aidhm:		Polasaí Teanga a chur le chéile sna hIonaid Lae.				
Eolas breise:		<p>Feachtas chun an Ghaeilge a cheangal isteach in imeachtaí na nIonad Lae.</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Ceardlanna a reáchtáil leis na foirne oibre chun smaointe agus moltaí a fháil. 2. Ceardlann a reáchtáil le baill na n-ionad lae chun smaointe agus moltaí a bhailiú uathu. <p>M.sh Cluichí Boird trí Ghaeilge, Leabhair as Gaeilge, Cluichí Cáirte as Gaeilge, Biongó as Gaeilge, Biachlár as Gaeilge, Fógraí as Gaeilge/Dhátheangach, Lá amháin in aghaidh na seachtaine a roghnú chun 'Gaeilge' ar fad a úsáid.</p>				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, FPTM, CPTM, ÁM, Na hIonaid Lae				
Páirtithe leasmhara:						
Saolré:		Socrúithe agus ullmhúchán:	Bliain 2 – Is féidir leis an gComhordaitheoir Pleanála Teanga plean a chur le chéile leo agus é a chur i bhfeidhm leo chomh luath agus is féidir.			
		Feidhmiú:	Bliain 3-7 – Áisitheoir atá aimsithe a úsáid chun imeachtaí a reáchtáil.			
Costas measta iomlán:		€43,500				
Costas measta in aghaidh na bliana:		<p>Bliain 3 – 1xRang in aghaidh na seachtaine x 10 seachtain x 3 Ionad Lae @ 30 Rang in aghaidh na bliana €150 don áisitheoir = €4500</p> <p>Acmhainní – cluichí s.rl. - €200x3 = €600</p> <p>Bliain 4-7 - Ranganna a mhéadú go 2xRang - 2xRang in aghaidh na seachtaine x 10 seachtain x 3 Ionad Lae @ 60 Rang in aghaidh na bliana €150 don áisitheoir = €9000.</p> <p>Acmhainní – cluichí s.rl. - €200x3 = €600</p>				
Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
----	----	€5,100	€9,600	€9,600	€9,600	€9,600
Foinsí maoinithe:		REOGRTG				
Dúshlán fhéideartha:		Go mbeadh an trasdul deas réidh				

Réiteach:	Ceardlanna a réachtáil sna hionad lae ar dtús agus ansan plean a chur le chéile leo.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Labhair leis na daoine atá i bhfeighil ar an ngrúpa.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Athbhreithniú a dhéanamh tar éis an chéad bhliain.

DRÉACHT